

Scéim Phíolótach um Ath-Imlonnú Deonach 2019 d'Iar-bhunscoileanna

Ní bhaineann an Scéim Phíolótach um Ath-Imlonnú Deonach 2019 ach le múinteoirí atá fortíeth i gContaetha **na Gaillimhe, Ros Comáin, Port Lairge, Loch Gorman, Ceatharlach, Cill Chainnigh**.

Is féidir le múinteoirí buan/CTÉ atá fostaithe i scoileanna i gcontaetha **na Gaillimhe, Ros Comáin, Port Lairge, Loch Gorman, Ceatharlach, Cill Chainnigh** spéis a léiriú san ath-implonnú deonach go hiar-bhunscoil eile in aon áit sa tír.

- Ní bhaineann an scéim leis na contaetha seo má tá múinteoirí acu de bhreis ar an leithdháileadh ceadaithe áit a bhfuil múinteoir(i) ainmnithe d'ath-implonnú éigeantach.
- Ba chóir do mhúinteoirí a bhfuil spéis acu san ath-implonnú **Foirm Phíolótach AID RD1 19-20** a chomhlánú agus deimhniúchán bhainistíocht na scoile a bheith ar an bhfoirm.
- Is gá do bhainistíocht na scoile a thabhairt le fios ar **Chuid 2 den Fhoirm Phíolótach AID RD1 19-20** cén rogha ábhar atá de dhíth ar an scoil mar mhalairt ar an múinteoir, má éiríonn leis an iarratas. D'fhéadfadh nach ionann an rogha ábhar agus na hábhair atá á dteagasc faoi láthair ag an múinteoir atá ag cur isteach ar an scéim athimlunnaithe. D'fhéadfadh go gcruthódh a leithéid deis do Phríomhoidí dul i ngleic le mí-oiriúnú curaclaim laistigh den scoil.
- Is gá do bhainistíocht na scoile a thabhairt le fios ar **Chuid 2 den Fhoirm Phíolótach AID RD1 19-20** go dtugann an scoil cead don múinteoir atá i gceist a scaoileadh agus go dtoilleann siad glacadh le múinteoir athsholáthair ar ath-implonnú.
- Déanfaidh Stiúrthóirí Ath-implunnaithe iarratais faoin scéim seo a mheas má éascaítear an t-ath-implonnú éigeantach de mhúinteoir ó scoil a bhfuil múinteoir(i) de bhreis ar a leithdháileadh aici.
- Má dhéantar tairiscint ath-implunnaithe tríd an scéim seo, beidh 48 uair an chloig ag an múinteoir glacadh leis an tairiscint nó í a dhiúltú. Ní dhéanfar tuilleadh tairiscintí chuig an múinteoir faoin scéim seo sa bhliain reatha.
- Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a chur chuig an Rannóg um Leithdháiltí Múinteoirí Iar-bhunscoile, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659 **faoin 8 Márta 2019**.
- Feidhmeoidh ath-implonnú na múinteoirí faoin Scéim Phíolótach seo de réir na bhforálacha caighdeánacha den ***Scéim Ath-implunnaithe do mhúinteoirí atá iomarcach ar chúinsí seachas dúnadh scoileanna***
- Tá eolas faoi na scéimeanna ath-implunnaithe, lena n-áirítear doiciméid a bhaineann le Ceisteanna Coitianta, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, education.ie